

# SEACHBHÓTHAR AN N3-ACHADH AN IÚIR

## AN RÉITEACH ROGHNAITHE IOMPAIR A CHUR AR THAISPEÁINT PHOIBLÍ

**Bróisiúr Faisnéise**
**Bealtaine 2023**

Cavan
Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

comhairle chontae na mí
*meath county council*

TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

BARRY TRANSPORTATION

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040


# Faisnéis Chúlra faoin Tionscadal agus Tuairisc ar an Tionscadal

Tá forbairt scéim **Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir** á cur ar aghaidh ag Comhairle Contae an Chabháin faoi láthair i gcomhpháirt le Comhairle Contae na Mí agus i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann. Is é aidhm na scéime réiteach inbhuanaithe iompair a sholáthar i leith na bhfadhbanna sainaitheanta iompair feadh an N3 agus trí Bhaile Achadh an Iúir agus na purláin.

I dteannta a chéile, tá Mótarbhealach an M3 agus príomhbhealach náisiúnta an N3 ina gconair ghathach straitéiseach a nascann Baile Átha Cliath chuig an gCabhán agus chuig áiteanna níos faide anonn amhail Inis Ceithleann, Sligeach agus Leitir Ceanainn. Tá scéim **Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir** luaite go sonrach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, 2021 go 2030, agus cuirfidh sí feabhas suntasach ar inrochtaineacht agus ar agaí turais idir Baile Átha Cliath, Baile an Chabháin agus Réigiún an Iarthuaiscirt agus na Teorann.

Sainaithníodh saincheisteanna suntasacha sábháilteachta agus iompair laistigh de limistéar an staidéir do scéim Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir, áit a bhfaigheann Baile Achadh an Iúir agus na purláin leibhéal tráchta áitiúil agus tréthráchta ar an N3 a bhíonn ag laghdú sábháilteachta agus a bhíonn ag cur le plódú tráchta laistigh den lár baile.

Ceann amháin de na príomhaidhmeanna atá leis an tionscadal is ea a chinntiú go n-oibreoidh gach gné iompair le chéile, lena n-áirítear iompar poiblí, taisteal gníomhach (siúl agus rothaíocht) agus bainistíocht éilimh, chun réiteach inbhuanaithe a bhaint amach agus chun an tionchar ar an timpeallacht nádúrtha agus an timpeallacht thógtha a laghdú.




*Gach gné iompair a bheith ag obair le chéile chun réiteach inbhuanaithe comhtháite a bhaint amach*




*Bóthar Reatha an N3 – Saincheisteanna Suntasacha*

# Cúlra Beartais

Tá scéim Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir luaite go sonrach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, 2021 go 2030, agus tá sí ailínithe le beartais náisiúnta eile, amhail an Plean Gnímh don Aeráid 2023 agus an beartas náisiúnta ón Roinn Iompair maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, mar aon le roinnt tosaíochtaí infheistíochta faoin gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn: dícharbónú; soghluaisteacht daoine agus earraí; agus nascacht bhreisithe réigiúnach agus tuaithe.

Trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, lena n-áirítear saoráidí iompair phoiblí, saoráidí páirceála agus comhroinnte, agus saoráidí siúil agus rothaíochta, is é an toradh a bheidh ar an scéim bheartaithe ná daoine a spreagadh roghanna taistil ísealcharbóin a dhéanamh.

# Cuspóirí an Tionscadail

Forbraíodh na cuspóirí tionscadail don scéim chun go mbeadh siad ailínithe leis na critéir atá leagtha amach sa Chomhchreat Breithmheasa le haghaidh Tionscadail agus Cláir Iompair ón Roinn Iompair.

Socraíodh roinnt cuspóirí don tionscadal, lena n-áirítear na cuspóirí uileghabhálacha seo a leanas:

- Feabhas a chur ar inrochtaineacht sna réigiúin;
- Feabhas a chur ar an timpeallacht i mBaile Achadh an Iúir trí thréthrácht agus trácht straitéiseach a laghdú;
- Feabhas a chur ar a inrochtana atá gach saoráid thábhachtach do chách, amhail fostaíocht, oideachas, cúram sláinte agus seirbhísí riachtanacha eile;
- Tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe chothromasach chun aistriú modha iompair a spreagadh chun cabhrú le spriocanna athraithe aeráide na hÉireann a chomhlíonadh; agus
- Feabhas a chur ar shábháilteacht agus nascacht d'Úsáideoirí Soghonta Bóithre.




# Próiseas Roghnúcháin Roghanna


Bhí breithmheas córasach trí chéim i gceist leis an bpróiseas Roghnúcháin Roghanna, ina ndearnadh scrúdú ar na roghanna i gcomparáid le critéir shainithe agus le cuspóirí an tionscadail:

- Céim 1: Measúnú ar Réamhroghanna;
- Céim 2: Maitrís Breithmheasa Tionscadail;
- Céim 3: Rogha Roghnaithe.

Is é an toradh atá ar an bpróiseas Roghnúcháin Roghanna ná an Réiteach Roghnaithe Iompair (nó an 'Rogha Roghnaithe') a shainaithint.

Cuireadh tús le **Céim 1** den Phróiseas Roghnúcháin Roghanna nuair a sainaithníodh limistéar an staidéir, na srianta atá ann laistigh de limistéar an staidéir agus roinnt roghanna a d'fhéadfadh a bheith indéanta, lena n-áirítear feabhsuithe ar líne agus feabhsuithe bainistíochta tráchta feadh an N3. Cuireadh an fhaisnéis sin i láthair an phobail le linn Chomhairliúchán Poiblí Uimh. 1 i mí an Mhárta 2020.








Forbraíodh na roghanna (29 gcinn san iomlán) tar éis Chomhairliúchán Poiblí Uimh. 1, agus aird á tabhairt ar an aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí. Rinneadh measúnú ar na roghanna faoi na critéir seo a leanas: Geilleagar; Timpeallacht; agus Innealtóireacht. Mar thoradh ar an measúnú sin, sainaithníodh 10 gconair rogha ghearrliostaithe (lenar áiríodh naisc idir na roghanna). Cuireadh na conairí sin i láthair an phobail ansin le linn Chomhairliúchán Poiblí Uimh. 2 idir lár mhí na Samhna 2020 agus lár mhí Eanáir 2021.



Tosaíodh **Céim 2** den Phróiseas Roghnúcháin Roghanna i mí Eanáir 2021, ar lena linn a rinneadh measúnú ar mhodhanna malartacha iompair agus ar na roghanna gearrliostaithe. Agus measúnú á dhéanamh ar na roghanna malartacha sin, breithníodh taisteal gníomhach, iompar poiblí, bainistíocht éilimh agus bonneagar nua bóithre. Thángthas ar an gconclúid go mbeadh meascán de na réitigh sin ag teastáil chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach. Is é an Rogha Roghnaithe ná réiteach ilmhodha lena bhfreastalófar ar roinnt modhanna malartacha inbhuanaithe taistil.

Leanadh ar aghaidh leis an bPróiseas Roghnúcháin Roghanna trí mheasúnú a dhéanamh ar na deich rogha ghearrliostaithe faoi na sé chritéar den Chomhchreat Breithmheasa: Timpeallacht; Geilleagar; Sábháilteacht; Comhtháthú; Gníomhaíocht Fhisiciúil; agus Inrochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta. Mar thoradh ar an measúnú sin, sainaithníodh an Rogha Roghnaithe Éiritheach (leagan modhnaithe de Rogha Cv2). Cuireadh an rogha sin i láthair an phobail ansin le linn Chomhairliúchán Poiblí Uimh. 3 i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2021.




*Ordlathas Modha agus Idirghabhála chun an Réiteach Roghnaithe Iompair a bhunú*

Cuireadh tús le **Céim 3** tar éis Chomhairliúchán Poiblí Uimh. 3, nuair a rinne Foireann an Tionscadail breithniú ar na haighneachtaí agus ar an aiseolas a fuarthas. Cinneadh nach raibh aon fhaisnéis nua ná aon fhaisnéis bhreise ann lena dtabharfaí údar leis an gConair Rogha Roghnaithe Éirithí a cuireadh i láthair roimhe sin a leasú. Athbhreithníodh na limistéir chonaire acomhail, áfach, agus leasaíodh an cruth atá ar roinnt díobh. Laghdaíodh méid na limistéar sin freisin. Ina theannta sin, forbraíodh conairí ina léirítear limistéir ina bhféadfaí taobh-bhóithre a athailíniú agus ina bhféadfaí bonneagar taistil ghníomhaigh a sholáthar.

Dá bhrí sin, glacadh an leagan modhnaithe de Rogha Cv2 mar Réiteach Roghnaithe Iompair (an Rogha Roghnaithe) agus cuirfear ar aghaidh í chuig an gcéad chéim eile, is é sin: Céim 3 (Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta).









# Réiteach Roghnaithe Iompair

Cuimsíonn an Réiteach Roghnaithe Iompair roinnt comhpháirteanna lena gcruthaítear réiteach comhtháite.

Mar thoradh ar an mbonneagar beartaithe nua, lena n-áirítear taisteal gníomhach agus lena bhfreastalaítear ar iompar poiblí, bainfear méid suntasach tráchta de Bhaile Achadh an Iúir agus na purláin. Ar an tslí sin, cruthófar timpeallacht níos sábháilte, níos bríomhaire agus níos tarraingtí inar féidir le daoine cónaí, obair, súgradh agus foghlaim. Ailíneofar le cuspóirí an tionscadail freisin. Tá léarscáil den Réiteach Roghnaithe Iompair curtha i láthair ar an gcéad leathanach eile. Léirítear ar an léarscáil sin ailíniú táscach príomhlíne laistigh den chonair bhótharbhunaithe, láithreacha féideartha acomhail, athailínithe taobh-bhóthair agus méideanna na láithreacha ina soláthrófar saoráidí taistil ghníomhaigh lasmuigh den chonair bhótharbhunaithe.

Tríd is tríd, is 300 m ar leithead atá an chonair bhótharbhunaithe atá léirithe, agus roinnt leathnaithe áitiúil ann chun gur féidir an dearadh a bheachtú tuilleadh i gCéim 3 (Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta). Ní léirítear sa chonair leithead iarbhír na scéime ná na tailte iarbhír atá le ceannach. Is le linn Chéim 3 a chinnfear mionsonraí beachta na dtailte atá le ceannach.

Taisteal Gníomhach

## Taisteal Gníomhach

Soláthrófar saoráidí Taistil Ghníomhaigh (siúl agus rothaíocht) feadh fhad iomlán phríomhlíne na scéime agus na nascbhóithre gaolmhara. Soláthrófar nascacht chuig cosáin reatha, chuig na príomhnithe is díol spéise in Achadh an Iúir agus na purláin, lena n-áirítear limistéir atá suite lasmuigh den chonair bhótharbhunaithe, agus chuig na Moil Pháirceála agus Chomhroinnte Iompair (Moil Soghluaisteachta) atá beartaithe. Cuirfear saoráidí páirceála rothar agus saoráidí luchtaithe do rothair leictreacha san áireamh sa scéim freisin.

Iompar Poiblí

## Iompar Poiblí

Mar thoradh ar chur chun feidhme na comhpháirte bótharbhunaithe den Réiteach Roghnaithe Iompair, cuirfear feabhas ar iontaofacht agaí turais do Bhusanna agus éascófar feabhas ar Sheirbhísí Bus trí phlódú tráchta a bhaint. Soláthrófar Moil Pháirceála agus Chomhroinnte Iompair (Moil Soghluaisteachta) ag an dá cheann den scéim. A bhuí leis na moil sin, soláthrófar rochtain shábháilte ar sheirbhísí bus, saoráidí sábháilte páirceála, agus saoráidí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus do rothair leictreacha. Beifear in ann na nithe sin a rochtain trí bhóithre agus trí shaoráidí taistil ghníomhaigh agus éascóidh siad an t-aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chuig feithiclí ísealcharbóin.

I gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair, breithneofar na nithe seo a leanas le linn Chéim 3 den tionscadal i gcomhar le bonneagar feabhsaithe bóithre a sholáthar:

- Tuilleadh seirbhísí idiruirbeacha bus a sholáthar agus a chinntiú go mbeidh nascacht oiriúnach ann chuig na bailte agus na sráidbhailte feadh an bhealaigh seo;
- Seirbhísí áitiúla bus a fheabhsú.

Bainistíocht Éilimh

## Bainistíocht Éilimh

Cuirfear bearta bainistíochta éilimh chun feidhme laistigh de Bhaile Achadh an Iúir mar chuid den scéim. Áireofar na nithe seo a leanas leis na bearta a fhorbrófar le linn Chéim 3: luasteorainn 30 km in aghaidh na huaire a chur chun feidhme laistigh de Bhaile Achadh an Iúir agus trácht straitéiseach feithiclí earraí troma a bhaint trí chosc a chur ar fheithiclí earraí troma/acastóirí laistigh den bhaile (ach amháin i gcás seachadtaí laistigh den bhaile).

Bonneagar Bóithre

## Bonneagar Bóithre

Tá an chonair bhótharbhunaithe thart ar 14.5 km ar fad. Tosaíonn sí ag ceann Dhébhealach an N3 láimh le Derver i gContae na Mí agus leanann sí ar aghaidh ó thuaidh go Co. an Chabháin, ag gníomhú di mar sheachbhóthar ar an taobh thoir de Chrosbhóthar an Gheata Bháin, ar an taobh thoir den Mhachaire agus ar an taobh thoir de Bhaile Achadh an Iúir sula leanann sí ar aghaidh ar an taobh thuaidh de Bhaile Achadh an Iúir. Ritheann an chonair feadh bhóthar reatha an N3 nó in aice leis ansin sula gcríochnaíonn sí ar an taobh thuaidh de Chrosbhóthar Lios Cré. Áirítear leis an gconair bhótharbhunaithe freisin nasc chuig bóthar reatha an N3 ar an taobh theas d'Achadh an Iúir, rud ar a dtugtar Nascbhóthar Burrencarragh, agus nasc chuig an taobh thuaidh d'Achadh an Iúir ar bhóthar réigiúnach an R194, rud ar a dtugtar Nascbhóthar an R194-Bhaile Shéamais Dhuibh. Deimhneofar an trasghearradh bóthair le linn Chéim 3.

# An Taispeáint Phoiblí Seo

Beidh an Réiteach Roghnaithe Iompair do scéim **Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir** ar taispeáint ón 16 Bealtaine go dtí an 16 Meitheamh 2023. Tá an Réiteach Roghnaithe Iompair léirithe ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile. Is féidir líníochtaí scála níos mó a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an tionscadail. Beidh na léarscáileanna sin ar taispeáint freisin i bhfuinneog Ionad Taispeántais Achadh an Iúir, Na Páirceanna Taispeántais, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin, A82 A9X2, agus san Oifig Ceantair Bhardasaigh i dTeach Cúirte Achadh an Iúir, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin, A82 F8C8.

Doiciméadaítear sa Tuarascáil Roghnúcháin Roghanna an próiseas le haghaidh an Réiteach Roghnaithe Iompair a roghnú agus leagtar amach inti an réasúnaíocht agus na critéir a úsáideadh le linn an réiteach a roghnú. Is féidir leis an bpobal an tuarascáil a rochtain ar na slite seo a leanas:


- Is féidir amharc ar an tuarascáil nó í a íoslódáil:
  - ó shuíomh Gréasáin an tionscadail: www.n3virginiabypass.ie
  - ó shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae an Chabháin tríd an nasc seo a leanas a leanúint: www.cavancoco.ie/n3-virginia-bypass
  - tríd an Seomra ar Líne/Fíorúil: https://www.innovision.ie/n3virginiabypass;
- Is féidir an tuarascáil a iniúchadh ag na hoifigí seo a leanas de chuid Chomhairle Contae an Chabháin:
  - An Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí, An Dara hurlár, Ionad Johnston, Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 C9K1.
  - Oifig Ceantair Bhardasaigh Bhaile Shéamais Dhuibh, Teach na Cúirte, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin, A82 F8C8.















**LEGEND :**

COUNTY BOUNDARY

PREFERRED TRANSPORT SOLUTION:

- ROAD-BASED CORRIDOR & INDICATIVE MAINLINE ALIGNMENT
- INDICATIVE JUNCTION CORRIDOR
- INDICATIVE SIDE ROAD CORRIDOR AND/OR ACTIVE TRAVEL CORRIDOR

**NOTES:**

1. THIS DRAWING REPRESENTS THE PREFERRED TRANSPORT SOLUTION.
2. THE ROAD-BASED CORRIDOR SHOWN IS TYPICALLY 300m WIDE, WITH SOME LOCALISED WIDENING TO ALLOW FOR FURTHER REFINEMENT OF THE DESIGN.
3. THE FINAL SCHEME DESIGN MAY EXTEND BEYOND THE CORRIDORS SHOWN.
4. THE EXACT POSITION OF THE ROAD ALIGNMENT, JUNCTIONS, SIDE ROADS, ACTIVE TRAVEL, DRAINAGE PONDS AND OTHER FEATURES WILL BE FINALISED IN PHASE 3 (DESIGN AND ENVIRONMENTAL EVALUATION).
5. WHERE EXISTING LOCAL ROADS ARE IMPACTED, THEY MAY BE SEVERED, BRIDGED, REALIGNED OR AN ALTERNATIVE SERVICE ROAD MAY BE PROVIDED.
6. THE CORRIDOR SHOWN DOES NOT REPRESENT THE ACTUAL WIDTH OF THE SCHEME OR THE LANDS TO BE ACQUIRED. THE EXACT DETAILS OF LAND TAKE WILL BE FINALISED IN PHASE 3.
7. THE ACTIVE TRAVEL INFRASTRUCTURE, PUBLIC TRANSPORT IMPROVEMENTS AND DEMAND MANAGEMENT COMPONENTS OF THE PREFERRED TRANSPORT SOLUTION ARE NOT DEPICTED ON THIS MAP.

©Ordnance Survey Ireland. All rights reserved
Licence No. 2020/OSi_NMA_027

# Na Chéad Chéimeanna Eile

## Céim 3 (Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta)

Tar éis an Réiteach Roghnaithe Iompair a roghnú, cuirfear tús le Céim 3 (Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta), faoi réir cead a fháil chun dul ar aghaidh. Is é an cuspóir atá leis an gcéim sin dearadh an Réitigh Iompair a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear an t-ailíniú príomhlíne, na socruithe acomhail agus taobh-bhóthair, na saoráidí taistil ghníomhaigh, na moil pháirceála agus chomhroinnte iompair (moil soghluaisteachta), agus na riachtanais tógáil talún.

| | | |
|---|---|---|
| Pleanáil agus Dearadh | Céim 0 | Scóip agus Réamh-Bhreithmheas |
| | Céim 1 | Coincheap agus IndéantachtOption |
| | Céim 2 | Rogha a Roghnú |
| | Céim 3 | Dearadh agus Measúnú Timpeallachta |
| | Céim 4 | Próisis Reachtúla |
| Tógáil agus Cur i bhFeidhm | Céim 5 | Cumasúchán agus Soláthar |
| | Céim 6 | Tógáil agus Cur i bhFeidhm |
| | Céim 7 | Cur i gCrích agus Athbhreithniú |

A luaithe a bheidh an dearadh sách aibí chun díospóireacht eolach a dhéanamh air, rachaidh foireann Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir i gcomhairle dhíreach le húinéirí talún agus réadmhaoine a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh maidir leis an dearadh.


## Céim 4 (Próisis Reachtúla)

Is é an cuspóir atá le Céim 4 an tionscadal a chur ar aghaidh trí na próisis reachtúla. Is é atá i gceist leis sin doiciméid a ullmhú agus a fhoilsiú chun a chinntiú go bhforbrófar an tionscadal de réir na reachtaíochta pleanála, na reachtaíochta timpeallachta agus aon reachtaíochta iomchuí eile. Cuirfear na doiciméid phleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála agus féadfaidh daoine den phobal agus páirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh chuig an mBord Pleanála i ndáil leis an scéim. Féadfaidh an Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal a ghairm ansin.






# Seachbhóthar an N3-Achadh an Iúir
# Treochlár don Chomhairliúchán Poiblí




* Faoi réir ceadú dul ar aghaidh a fháil



# Faisnéis Teagmhála


## Post
Foireann Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir,
Comhairle Contae an Chabháin,
An Oifig um Dhearadh Bóithre,
Teach na Cúirte,
Sráid Fhearnáin,
An Cabhán, H12 R6V2

## Teileafón
087 380 6051 (Oifigeach Idirchaidrimh an Tionscadail)
01 485 1400 (Barry Transportation)
049 437 8345 (An Oifig Bóithre, Comhairle Contae an Chabháin)

## Ríomhphost
n3virginiabypass@jbbarry.ie

## Suíomh Gréasáin an Tionscadail
www.n3virginiabypass.ie


Cavan
Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

comhairle chontae na mí
*meath county council*

TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

BARRY TRANSPORTATION

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040